

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12811/25

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2025/0172 (COD)

2025/0176 (COD)

2025/0177 (COD)

**SIMPL 101
ANTICI 112
INDEF 92
MAP 59
CSC 447
ENV 835
COMPET 868
ENT 161
MI 649
CHIMIE 78
CODEC 1258**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Lúnasa 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2025) 3800 final
Ábhar:	FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN maidir le cur i bhfeidhm an chreata airgeadais inbhuanaithe agus na Treorach maidir le Dícheall Cuí Corporáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht i ndáil leis an earnáil cosanta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3800 final.

Faoi iamh: C(2025) 3800 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.8.2025
C(2025) 3800 final

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

**maidir le cur i bhfeidhm an chreata airgeadais inbhuanaithe agus na Treorach maidir le
Dícheall Cuí Corporáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht i ndáil leis an earnáil cosanta**

FÓGRA ÓN gCOIMISIÚN

maidir le cur i bhfeidhm an chreata airgeadais inbhuanaithe agus na Treorach maidir le Dícheall Cuí Corporáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht i ndáil leis an earnáil cosanta

An Clár

1	Réamhrá.....	2
2	Infheistíocht a dhéanamh sa tionscal cosanta – rannchuidiú le hathléimneacht agus slándáil an Aontais	3
2.1	An tionscal cosanta ag rannchuidiú le cuspóirí níos leithne an Aontais agus na Náisiún Aontaithe	3
2.2	An tionscal cosanta i gcomhthéacs chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais agus TDCCI 4	
3	Maolú riosca i rannpháirtíocht leis an tionscal cosanta	5
3.1	Conarthaí idirnáisiúnta agus reachtaíocht an Aontais lena rialaítear úsáid agus onnmhairiú 5	
3.1.1	Aistrithe (onnmhairí) teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata lasmuigh den Aontas 6	
3.1.2	Aistrithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata laistigh den Aontas	8
3.1.3	Aistriú ítimí dé-úsáide lasmuigh den Aontas.....	8
3.2	Maolú riosca i gcomhaid reachtacha éagsúla an chreata airgeadais inbhuanaithe agus TDCCI 9	
3.2.1	RNAI.....	9
3.2.2	Tacsanomaíocht AE	11
3.2.3	MiFID II	12
3.2.4	TDCCI	13
3.2.5	TTCI.....	14
3.2.6	An Rialachán Tagarmhairc.....	15
4	Tairseacha ioncaim	15
5	Measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na hearnála cosanta leis an inbhuanaitheacht shóisialta 16	

1 **Réamhrá**

- (1) Is é is aidhm don Fhógra seo ón gCoimisiún ('an Fógra') treoraíocht maidir le hinfheidhmeacht chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais a chur ar fáil don tionscal cosanta.
- (2) Tagraíonn maoiniú inbhuanaithe don phróiseas chun breithnithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) a chur san áireamh nuair a dhéantar cinntí infheistíochta san earnáil airgeadais, lena n-éascaítear tuiscint níos fearr ar rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus níos mó infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí agus tionscadail eacnamaíocha inbhuanaithe.
- (3) Tá sé beartaithe leis an bhFógra cabhrú le hoibreoirí margaidh a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais i ndáil leis an tionscal cosanta. Tá sé d'aidhm aige cuidiú le cosc a chur ar aon idirdhealú míchuí ar an earnáil i gcinntí infheistíochta, agus tuiscint agus aitheantas níos fearr ar acmhainneacht na hearnála rannchuidiú leis an inbhuanaitheacht shóisialta a áirithiú, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise Tionsclaíche um an gCosaint Eorpach¹ agus an Pháipéir Bháin Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030².
- (4) Soiléirítear san Fhógra go bhfuil creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais comhoiriúnach le hinfeistíocht a dhéanamh san earnáil cosanta, agus go bhfuil feidhm chothrománach ag nochtaí inbhuanaitheachta ar fud na dtionscal uile. Meabhraíonn an Coimisiún nach leagtar aon teorainn síos leis an gcreat ar mhaoiniú aon earnála, lena n-áirítear an earnáil cosanta, agus molann sé infheistíochtaí san earnáil cosanta, amhail iad siúd in aon earnáil eile, a mheas ar bhonn cás ar chás.
- (5) Tá an Fógra beartaithe do gach infheisteoir agus oibreoir dá dtagraítear i gcreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais, chomh maith le húdaráis agus comhlachtaí poiblí. Beidh an Fógra ábhartha go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais;
 - soláthraithe rátálacha ESG, rud a chiallaíonn duine dlítheanach a eisíonn rátálacha nó scóir ESG ar bhonn gairmiúil³;
 - soláthraithe lipéad ESG (éicilipéid, lipéid náisiúnta etc.);
 - stocmhalartáin/soláthraithe innéacsanna, soláthraithe tagarmharcanna, díoltóirí sonraí/comhlachtaí deimhniúcháin, etc.
- (6) Cumhdaítear leis an bhFógra na téacsanna arb iad creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais iad, go háirithe:
 - Rialachán (AE) 2019/2088 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (RNAI)⁴;

¹ [Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach](#)

² [JOIN \(2025\) 120 final](#)

³ COM/2023/314 final - 2023/0177(COD)

⁴ IO L 317, 9.12.2019, lgh. 1–16; <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32019R2088>

- Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 agus Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE maidir le margáí in ionstraimí airgeadais (MiFID II)⁵;
- Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 ('Tacsanomaíocht AE')⁶;
- Treoir (AE) 2022/2464 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (TTCI)⁷;
- Rialachán (AE) 2016/1011 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 (An Rialachán Tagarmhairc)⁸.
- Treoir 2024/1760/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (TDCCI)⁹;

2 Infheistíocht a dhéanamh sa tionscal cosanta – rannchuidiú le hathléimneacht agus slándáil an Aontais

2.1 An tionscal cosanta ag rannchuidiú le cuspóirí níos leithne an Aontais agus na Náisiún Aontaithe

- (7) Maidir leis an inbhuanaitheacht, tá spriocanna beartais an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe ('NA') ailínithe go láidir. Luaitear Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe¹⁰ go díreach mar chuspóir de chuid an Dlí Aeráide Eorpaigh¹¹, bunús dlí Chomhaontú Glas an Aontais. Leis an Dlí Aeráide Eorpach códaítear cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050, agus luaitear in Aithris 4 maidir leis an gcuspóir go bhfuil 'sé ríthábhachtach go mbeidh cuspóir fadtéarmach ann chun rannchuidiú le claochlú cóir eacnamaíoch agus sochaíoch, le poist ardcháilíochta, le fás inbhuanaithe, agus chun go mbainfear amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe'.
- (8) Aithnítear i dtéacsanna na Náisiún Aontaithe freisin go bhfuil saoirse, rathúnas agus ceartas dodhéanta gan slándáil nó faoi fhorghabháil mhíleata ag ionsaitheoir eachtrach. Dearbhaítear in Airteagal 3 i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine¹² go bhfuil 'ag gach duine an ceart chun na beatha, saoirse agus slándála pearsan', agus in Airteagal 28 go bhfuil 'gach duine i dteideal oird shóisialta agus idirnáisiúnta inar féidir na cearta agus

⁵ IO L 173, 12.6.2014, lgh. 349–496; <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32014L0065>

⁶ IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43; <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32020R0852>

⁷ IO L 322, 16.12.2022, lgh. 15–80; <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32022L2464>

⁸ IO L 171, 29.6.2016, lgh. 1–65; <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32016R1011>

⁹ IO L 2024/1760.5.7.2024; https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401760

¹⁰ [NA 17 SPRIOC | Forbairt Inbhuanaithe](#)

¹¹ Rialachán (AE) 2021/1119, [IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1–17](#)

¹² [Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine](#)

na saoirsÍ a leagtar amach sa Dearbhú seo a bhaint amach go hiomlán'. Cumhdaítear le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe an ceart chun féinchosanta (comhchoitinne): 'Ní dhéanfaidh aon ní sa Chairt seo dochar don cheart bunúsach féinchosanta aonair nó comhchoitinne má tharlaíonn ionsaí armtha i gcoinne comhalta de na Náisiúin Aontaithe, go dtí go mbeidh na bearta is gá déanta ag an gComhairle Slándála chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choimeád'¹³.

- (9) Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an gcogadh foghach gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin nach mór don Aontas an acmhainneacht chun é féin a chosaint a neartú agus a fhorbairt a thuilleadh chun na cearta uilíocha sin a chosaint san Aontas agus níos faide i gcéin. De réir measúnuithe ar bhagairtí a rinne roinnt seirbhísí faisnéise de chuid an Aontais, tá méadú ollmhór tagtha ar chumas na Rúise trealamh míleata a tháirgeadh agus bheadh na cumais mhíleata aici aontacht thíortha an Iarthair agus éifeachtacht Airteagal 5 de Chonradh an Atlantaigh Thuaidh a thástáil laistigh de na 3 go 5 bliana atá le teacht.
- (10) Sainordaítear leis sin meon ullmhachta cosanta a ghlacadh agus dlús a chur láithreach leis na hiarrachtaí chun ullmhacht agus díspreagadh cosanta a athbhunú faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, ba cheart ullmhacht cosanta a thuiscint mar chumas na mBallstát géarchéimeanna a bhaineann le cosaint a réamh-mheas, a chosc agus freagairt dóibh. Chun an ullmhacht sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach borradh a chur faoi chumas agus ullmhacht an tionscail cosanta, ós rud é go n-áirithítear leis an tionscal sin go bhfuil an trealamh is gá ag fórsaí armtha na mBallstát chun saoránaigh an Aontais a chosaint. Dá bhrí sin, tá tionscal cosanta an Aontais atá iomaíoch agus athléimneach ríthábhachtach chun síocháin agus slándáil na hEorpa a chosaint¹⁴. Dá réir sin, rannchuidíonn sé freisin le cuspóirí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), atá cumhdaithe in Airteagal 42 agus in Airteagal 46 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá gá leis an tionscal cosanta le haghaidh díspreagadh míleata i gcoinne ionsaitheoirí a d'fhéadfadh a bheith ann, agus chun saoránaigh an Aontais a chosaint i gcás na dteagmhas míleata is tromchúisí, is é sin ionsaí armtha. A mhéid a chuidíonn sé leis an gcuspóir sin a bhaint amach, tá sé d'acmhainn ag tionscal cosanta an Aontais cur lenár síochán agus slándáil chomhchoiteann, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16 de chuid na Náisiún Aontaithe – Síocháin, ceartas agus institiúidí láidre¹⁵.

2.2 An tionscal cosanta i gcomhthéacs chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais agus TDCCI

- (11) Mar a luaitear sa Chomhaontú Glas don Eoraip, 'Chun an t-aistriú chuig an aeráidneodracht a bhaint amach, ní mór athruithe a dhéanamh ar an speictream beartais iomlán agus iarracht chomhchoiteann a dhéanamh i ngach earnáil den gheilleagar agus den tsochaí'¹⁶. Chuige sin, cuidíonn creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais agus TDCCI le cuideachtaí agus infheisteoirí an inbhuanaitheacht a chomhtháthú ar bhealach níos fearr ina gcinntí, ina dtáirgí, ina seirbhísí nó ina bpróisis.

¹³ Caibidil VII de Chairt na Náisiún Aontaithe — Gníomhaíocht i leith Bagairtí ar an tSíocháin, Sáruithe ar an tSíocháin, agus Fogha

¹⁴ [Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach](#)

¹⁵ [NA 17 SPRIOC | Forbairt Inbhuanaithe](#)

¹⁶ [IO L 243, 9.7.2021, lgh. 1–17](#) Aithris 25

- (12) I gcomhréir leis an iarracht chomhchoiteann sin a bhaineann le gach earnáil, meabhraíonn an Coimisiún, mar is amhlaidh le haon ghnó eile, go bhfuil cuideachtaí atá gníomhach san earnáil cosanta faoi réir an ionchais ghinearálta go mbeidh siad níos inbhuanaithe ó thaobh gnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais de.
- (13) Shoiléirigh an Coimisiún cheana féin roinnt uaireanta an gaol idir an inbhuanaitheacht shóisialta agus an tionscal cosanta. Go háirithe, meabhraíodh sa Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear an Gníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin¹⁷ agus sa Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach go 'gcuireann tionscal cosanta an Aontais go mór le hathléimneacht agus slándáil an Aontais agus, dá bhrí sin, leis an tsíocháin agus leis an inbhuanaitheacht shóisialta¹⁸. I bhfianaise a mhéid a chuireann sé leis an athléimneacht, leis an tslándáil agus leis an tsíocháin, feabhsaíonn tionscal cosanta an Aontais an inbhuanaitheacht.
- (14) Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an creat airgeadais inbhuanaithe go hiomlán comhsheasmhach le hiarrachtaí an Aontais rochtain tionscal cosanta na hEorpa ar mhaoiniú agus infheistíocht leordhóthanach a éascú¹⁹. Ní chuireann sé aon teorainn ar mhaoiniú na hearnála cosanta. Tá feidhm chothrománach ag rialacha an Aontais maidir le nochtaí agus sainroghanna inbhuanaitheachta ar fud na dtionscal uile agus ní dhíríonn siad ar aon earnáil. Luaitear freisin sa Pháipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030 'le RNAI, ní chuirtear cosc ar mhaoiniú na hearnála cosanta'²⁰. Caitear leis an tionscal cosanta mar a chaitear le haon earnáil eile, agus ní mheastar ach 'airm chonspóideacha' (féach Roinn 3.2.1.2), a bheith faoi réir ceanglais bhreise maidir le nochtheadh. Dá bhrí sin, ní bheadh eisiamh an tionscail cosanta ann féin comhsheasmhach leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme.
- (15) Maidir le TDCCI, cumhdaítear leis an earnáil cosanta amhail aon earnáil eile seachas gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó iarteachtacha a eisiamh ó na hoibleagáidí díchill chuí, ar gníomhaíochtaí iad a bhaineann le táirgí atá faoi réir rialú onnmhairí ag Ballstát (rud a chiallaíonn an rialú onnmhairí faoi Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le honnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú, nó rialú onnmhairí arm, muinisin nó ábhar cogaidh faoi rialuithe náisiúnta onnmhairí), tar éis onnmhairiú an táirge a údarú.

3 Maolú riosca i rannpháirtíocht leis an tionscal cosanta

3.1 Conarthaí idirnáisiúnta agus reachtaíocht an Aontais lena rialaítear úsáid agus onnmhairiú

- (16) Tá an tionscal cosanta an-rialáilte, agus tá sé faoi réir reachtaíochta maidir le táirgeadh, úsáid agus aistriú na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a fhorbraíonn sé, lena n-áirítear airm, laistigh agus lasmuigh den Aontas. Cuidíonn na rialacháin sin le maolú a dhéanamh ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le húsáid na dtáirgí arna

¹⁷ COM(2023) 237 final. Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Rialachán mar Rialachán (AE) 2023/1525. IO L 185, 24.7.2023, lch. 7. D'fhorghuinigh na comhreachtóirí an téacs céanna in Aithris 35.

¹⁸ [Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach](#) lch. 24

¹⁹ Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach: leathanach 25 Bosca 5: An tionscal cosanta agus creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais

²⁰ [JOIN \(2025\) 120 final](#), lch. 18

bhforbairt ag an tionscal cosanta, i gcomhréir le cuspóirí leathana chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais agus Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais.

- (17) I gcomhréir leis an gceart chun féinchosanta a aithnítear in Airteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe²¹ agus mar a mheabhraítear i gComhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairí teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata ('an Comhsheasamh')²², aithris 12 den bhrollach, tá sé de cheart ag na Ballstáit modhanna féinchosanta a aistriú agus a onnmhairiú. Molann an Coimisiún d'oibreoirí loighic cás ar chás a leanúint agus measúnú á dhéanamh acu ar mhaoiniú cuideachta nó gníomhaíochta ar leith san earnáil cosanta in aghaidh breithnithe inbhuanaitheachta. Ba cheart cinntí a dhéanamh ar bhonn chomhlíonadh na ndlíthe, na gconarthaí agus na bpróiseas maolaithe riosca is infheidhme a leagtar amach sa roinn seo.
- (18) Tá onnmhairiú agus aistriú ítimí míleata agus ítimí dé-úsáide laistigh den Aontas faoi réir dianrialuithe arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit. Braitheann an forfheidhmiú a dhéanann na Ballstáit maidir le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais agus reachtaíocht idirnáisiúnta ar an tionscal bearta díchill chuí a dhéanamh. Mar shampla, mar réamhriachtanas chun ceadúnais onnmhairiúcháin a fháil, ceanglaítear ar chuideachtaí cosanta bearta láidre rialaithe inmheánaigh agus comhlíonta a chur chun feidhme, arna bhforchur ag údaráis náisiúnta rialaithe onnmhairí. Cuid thábhachtach d'aghaidh a thabhairt ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na táirgí arna bhforbairt ag an tionscal cosanta is ea an dlúthmhaoirseacht a dhéanann gníomhaireachtaí na mBallstát a fhorfheidhmíonn an sásra rialaithe onnmhairiúcháin.

3.1.1 Aistrithe (onnmhairí) teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata lasmuigh den Aontas

- (19) Déantar rialú onnmhairí ar lastais arm, armlón, a gcomhpháirteanna agus teicneolaíocht mhíleata a rialú trí CBES (glactar gníomhartha dlí ar bhonn Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach). De réir Airteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní dhéanfaidh cur chun feidhme an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála difear do dheighilt na gcumhachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit²³. Rialaíonn na Ballstáit, trína gcórais náisiúnta, onnmhairiú teicneolaíochtaí agus trealaimh mhíleata (lena n-áirítear airm) a liostaítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh²⁴, i gcomhréir leis an gComhsheasamh. Liostaítear sa Chomhsheasamh critéir nach mór do na Ballstáit a mheas chun ceadúnas onnmhairiúcháin a dheonú. Áirítear ar na coinníollacha sin, *inter alia*, urraim do chearta an duine sa tír is faighteoir agus síocháin agus slándáil réigiúnach a chaomhnú. Tá an Comhsheasamh ceangailteach ó thaobh dlí ar na Ballstáit.
- (20) Meabhraítear sa Chomhsheasamh na hoibleagáidí faoin gConradh Trádála Arm, ar páirtithe na Ballstáit uile den Aontas ann, agus lena bhforáiltear, *inter alia*, nach n-údaróidh na stáit is páirtithe aon aistriú gnáth-arm nó ítimí a chumhdaítear faoin gConradh más rud é go sáródh an t-aistriú a oibleagáidí faoi bhearta arna nglacadh ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ag gníomhú di faoi Chaibidil VII de Chairt na Náisiún Aontaithe, go háirithe trádhaic arm; a oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha faoi

²¹ eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32008E0944

²² [CL2008E0944EN0010010.0001_cp 1..1 \(europa.eu\)](http://CL2008E0944EN0010010.0001_cp 1..1 (europa.eu))

²³ IO C 115, 9.5.2008, lch. 194–194

²⁴ https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202501499

chomhaontuithe idirnáisiúnta ar páirtí iontu é, go háirithe na hoibleagáidí sin a bhaineann le haistriú gnáth-arm nó le gáinneáil aindleathach gnáth-arm; nó má tá a fhios aige tráth an údaraithe go n-úsáidfí na hairm nó na hitimí le linn cinédhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, sárúithe tromchúiseacha ar Choinbhinsiúin na Ginéive 1949, ionsaithe atá dírithe ar mhaoine sibhialta nó ar shibhialtaigh a chosnaítear sa cháil sin, nó coireanna cogaidh eile arna míniú i gcomhaontuithe idirnáisiúnta ar Páirtí iontu é²⁵.

- (21) Bunaítear leis an gComhsheasamh freisin oibleagáidí chun aistrithe a dhiúltú dá mbeadh formheas ar neamhréir le hoibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta na mBallstát, amhail an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach (1968), ar páirtithe na Ballstáit uile den Aontas ann, lena bhforáiltear go ngeallann gach Ballstát gan airm núicléacha nó feistí pléascacha a aistriú go díreach nó go hindíreach, agus lena soiléirítear an oibleagáid sin mar bhonn chun ceadúnais onnmhairiúcháin ábhartha a dhiúltú²⁶, agus conarthaí eile. Sa Treoir d'Úsáideoirí a ghabhann leis an gComhsheasamh,²⁷ soláthraítear liosta cuimsitheach, ach neamh-uileghabhálach, de chonarthaí atá le cur san áireamh sula n-údaráítear ceadúnas onnmhairiúcháin²⁸.
- (22) Áirítear sa Treoir d'Úsáideoirí sraith sásraí is féidir leis na Ballstáit a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní maidir le hath-onnmhairiú agus úsáideoirí deiridh, amhail an t-íosmhéid faisnéise atá le bheith i ndeimhniú úsáideora deiridh. Áirítear orthu sin, i measc nithe eile, 'clásal um úsáid deiridh agus/nó um thoirmeasc ath-onnmhairiúcháin, i gcás inarb iomchuí,' agus rogha do na Ballstáit 'clásal lena dtoirmisctear ath-onnmhairiú na n-earraí a chumhdaítear sa deimhniú úsáideora deiridh' a chur isteach. An mhodheolaíocht a áirítear sa Treoir d'Úsáideoirí, chomh maith leis na comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraíonn sí,²⁹ feidhmíonn siad mar chaighdeán a ndéanann údarais na mBallstát measúnú ar iompraíocht cuideachtaí san earnáil ina gcoinne.
- (23) Tá sásraí roghnacha éascaithe sa Treoir d'Úsáideoirí freisin chun cóineasú a chur chun cinn agus chun cinnteoireacht a éascú maidir le honnmhairiú trealamh mhíleata nó teicneolaíochta míleata a chistítear agus a tháirgtear go comhpháirteach. Ba cheart gurb é an treoirphrionsabal ginearálta, mura gcinntídh siad a mhalairt, go n-éascóidh EUMS atá ag comhoibriú chun trealamh míleata nó teicneolaíocht mhíleata a fhorbairt go comhpháirteach, ar bhonn measúnuithe riosca i gcomhréir le critéir an Chomhsheasaimh agus na hiontaoibhe frithpháirtí, onnmhairiú an trealamh nó na teicneolaíochta sin lasmuigh den Aontas ar choinníoll nach mbaineann an t-onnmhairiú an bonn dá leasanna slándála díreacha nó náisiúnta agus dá n-oibleagáidí idirnáisiúnta (maidir le trádáil i dtrealamh míleata nó i dteicneolaíocht mhíleata). D'fhonn cóineasú a chur chun cinn agus cinnteoireacht a éascú maidir le honnmhairiú trealamh nó teicneolaíochta míleata arna gcistiú agus arna dtáirgeadh go comhpháirteach, moltar do na Ballstáit rannpháirteacha dul i gcomhairle le chéile maidir lena measúnú riosca ar chinn scríbe onnmhairiúcháin

²⁵ https://thearmstradetreaty.org/hyper-images/file/ATT_English/ATT_English.pdf?templateId=137253

²⁶ Airteagal 2, (1b)

²⁷ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6881-2025-INIT/ga/pdf>

²⁸ Áirítear orthu sin conarthaí agus ionstraimí idirnáisiúnta (córtais) lena rialaítear úsáid agus/nó stoc-charnadh agus/nó onnmhairiú agus aistriú trealamh agus teicneolaíochta míleata, amhail (ach gan bheith teoranta dóibh): Grúpa na hAstráile, MTCR, Coiste Zangger, Grúpa na Soláthraithe Núicléacha, Comhshocraíocht Wassenaar, Cód Iompair na Háige i gcoinne Leathadh Diúracán Balaistíoch (IARSCRÍBHINN III (a ghabhann le Caibidil 2 Roinn 6).

²⁹ Amhail Rialuithe Úsáideora Deiridh Chomhshocraíocht Wassenaar/Rialuithe Úsáide Deiridh le haghaidh Onnmhairí

ionchasacha agus ar úsáideoirí deiridh ionchasacha chun cur chun feidhme rathúil an tionscadail chomhpháirtigh a áirithiú. Agus iad ag aontú leis an bprionsabal coiteann sin, tá sé beartaithe acu creat a chur i bhfeidhm chun comhairliúcháin a dhéanamh, más gá.

- (24) Rannchuidíonn Fomheitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm Chomhairle an Aontais Eorpaigh (COARM) le cur chun feidhme Chomhsheasamh an Aontais, *inter alia* trí mhalartú faisnéise idir na Ballstáit a éascú maidir le diúltú agus maidir le cinn scríbe íogaire. Cuidíonn an tAontas le trédhearcacht a chur ar fáil maidir le honnmhairiú arm trí shonraí maidir le honnmhairiú arm a chomhroinnt go bliantúil i mbunachar sonraí arna bhainistiú ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)³⁰.

3.1.2 Aistrithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata laistigh den Aontas

- (25) Rialaítear aistrithe laistigh den Aontas freisin le Treoir 2009/43/CE³¹ maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas, lena leagtar amach roinnt critéar lena mbreithniú ag údarais na mBallstát sula n-údaraítear aistriú trealaimh nó teicneolaíochta cosanta. Áirítear orthu sin, mar shampla, próisis chun atreorú féideartha táirgí a bhaineann le cosaint a sheachaint. Leagtar síos leis freisin ceanglas ar údarais onnmhairiúcháin na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha onnmhairiúcháin a leagtar amach sa cheadúnas aistrithe ag an tír is faighteoir, uair amháin gach 3 bliana³².

3.1.3 Aistriú ítimí dé-úsáide lasmuigh den Aontas

- (26) Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil rialú onnmhairí ítimí dé-úsáide faoi réir reachtaíocht an Aontais, agus faoi réir rialachais éagsúil ó onnmhairiú ítimí míleata. Rialachán (AE) 2021/821 lenar bunaíodh córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú³³.
- (27) In 2019, d'eisigh an Coimisiún Moltaí³⁴ maidir leis na cláir inmheánacha um chomhlíonadh le haghaidh rialuithe trádála dé-úsáide faoi Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle do chuideachtaí atá i mbun onnmhairiú, aistriú, bróicéireacht agus idirthuras ítimí dé-úsáide³⁵. Ba cheart sásraí comhlíontachta inmheánacha a bheith ag cuideachtaí a bhfuil ceadúnais áirithe á lorg acu lena gcumhdaítear na gnéithe seo a leanas, a d'fhéadfadh a bheith ina dteimpléad freisin d'oibreoirí airgeadais atá ag iarraidh measúnú a dhéanamh ar dhícheall cuí cuideachtaí ábhartha: gealltanais na hardbhainistíochta maidir le comhlíonadh; struchtúr, freagrachtaí agus acmhainní na heagraíochta; oiliúint agus feachtas a ardú; próiseas agus nósanna imeachta scagtha idirbheart; athbhreithniú ar fheidhmíocht, iniúchtaí, tuairisciú agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha; coimeád taifead agus doiciméadacht; slándáil fhisiciúil agus faisnéise.

³⁰ [Bunachar sonraí arna bhainistiú ag SEGS](#)

³¹ [CL2009L0043EN0020010.0001.3bi_cp 1..1](#) Pointe 7.1

³² Caibidil III Airteagal 9

³³ [Oifig na bhFoilseachán \(europa.eu\)](#)

³⁴ Moladh (AE) 2019/1318 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2019 maidir le cláir um chomhlíonadh inmheánach le haghaidh rialuithe trádála dé-úsáide faoi Rialachán (CE) Uimh. 428/2009 ón gComhairle

³⁵ [IO L 134, 29.5.2009, lgh. 1–269](#)

3.2 Maolú riosca i gcomhaid reachtacha éagsúla an chreata airgeadais inbhuanaithe agus TDCCI

3.2.1 RNAI

(28) Is creat trédhearcachta é RNAI ina leagtar amach an chaoi nach mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais san Aontas faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh³⁶. Tá RNAI ceaptha chun deis a thabhairt d'infheisteoirí measúnú ceart a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhtháthaítear rioscaí inbhuanaitheachta sa phróiseas cinnteoireachta infheistíochta³⁷ agus tuiscint níos fearr a fháil ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ag táirgí airgeadais ar an inbhuanaitheacht. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún, déantar forlíonadh ar RNAI le caighdeáin theicniúla rialála. Mar shampla, ceanglaítear leis ar idirghabhálaithe airgeadais a mhíniú conas nach ndéanann táirge airgeadais a bhfuil cuspóir inbhuanaitheachta aige (i.e. nochtadh faoi Airteagal 9 de RNAI) dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí infheistíochta inbhuanaithe. Sna cásanna sin, ní mór do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a gcuireann siad na drochthionchair i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I agus aon táscaire ábhartha i dTáblaí 2 agus 3 den Iarscríbhinn sin san áireamh.

(29) I gcás rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a infheistíonn sa tionscal cosanta, is iad na táscairí drochthionchair phríomha (DTP) i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a bhféadfadh míniú breise a bheith ag teastáil ina leith, DTP 10 'Sárúithe ar phrionsabail Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Treoirilínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta',³⁸ DTP 11 'Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Threoirilínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta', agus táscaire DTP 14 'Neamhchosaint ar airm chonspóideacha'.

3.2.1.1 Táscairí DTP 10 agus 11 – Measúnú a dhéanamh ar dhrochthionchair fhéideartha ó infheistíochtaí sa tionscal cosanta

(30) Ní shonraítear go mion i Rialachán (AE) 2022/1288 conas is féidir le rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann infheistíocht i ngníomhaíocht eacnamaíoch a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta DTPanna 10 agus 11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I.

(31) Is creat deonach é Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe chun oibríochtaí agus straitéisí corparáideacha a ailíniú le deich bprionsabal maidir le freagracht chorparáideach a nglactar leo go huilíoch, lena n-áirítear prionsabail maidir le cearta an duine. Le Prionsabal 1 ceanglaítear ar ghnólachtaí 'tacú le cosaint chearta an duine a fógraíodh go hidirnáisiúnta agus an chosaint sin a urramú' agus ceanglaítear le Prionsabal 2 ar ghnólachtaí 'a chinntiú nach bhfuil siad comhpháirteach i sárúithe ar chearta an duine'. Príomhghné den Chomhshocrú Domhanda is ea an Teachtaireacht maidir le Dul Chun Cinn, nochtadh bliantúil nach mór do chuideachtaí rannpháirteacha a chur isteach. Leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le Dul Chun Cinn na hiarrachtaí

³⁶ Luaitear an méid seo a leanas i [bPáipéar Bán Comhpháirteach maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030](#) an 19 Márta: 'Cuirfidh an Coimisiún an soiléiriú is gá ar fáil i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar RNAI, maidir leis an gcaidreamh cosanta le spriocanna infheistíochta an chreata inbhuanaitheachta'

³⁷ [Nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de in earnáil na seirbhísí airgeadais - an Coimisiún Eorpach](#)

³⁸ [IO L 196, 25.7.2022](#), lgh. 1-72, féach lch. 43

chun na deich bprionsabal a chur chun feidhme, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht agus cuntasacht i measc na bpáirtithe leasmhara.

- (32) I dTreoirilínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, tiomnaítear Caibidil IV do chearta an duine, ina leagtar amach sé phrionsabal. Leis an tríú prionsabal, iarrtar ar chuideachtaí ‘bealaí a lorg chun drochthionchair ar chearta an duine atá nasctha go díreach lena n-oibríochtaí gnó, lena dtáirgí nó lena seirbhísí trí ghaolmhaireacht gnó a chosc nó a mhaolú, fiú mura gcuireann siad leis na tionchair sin.’ I bPrionsabal a cúig, iarrtar orthu ‘dícheall cuí maidir le cearta an duine a dhéanamh de réir mar is iomchuí dá méid, do chineál agus comhthéacs na n-oibríochtaí agus do dhéine na rioscaí a bhaineann le drochthionchair ar chearta an duine³⁹’.
- (33) Molann an Coimisiún d’oibreoí ceanglais agus bearta díchill chuí a cuireadh i bhfeidhm a chur san áireamh chun an reachtaíocht maidir le rialú onnmhairí a shonraítear i roinn 2.1 a chomhlíonadh mar reachtaíocht a rannchuidíonn le cuspóirí Phrionsabail Chomhshocrú Domhanda 1 agus 2 na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh, prionsabail 3 agus 6 de Ch. IV de Threoirilínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta, agus dá réir sin do DTPanna 10 agus 11 faoi Rialachán (AE) 2022/1288.

3.2.1.2 DTP 14 – Airm chonspóideacha

- (34) Táscaire DTP 14⁴⁰ - ‘sciar na n-infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin a bhfuil baint acu le monarú nó díol arm conspóideach’- ní chumhdaítear ach nochtadh do cheithre chatagóir d’airm chonspóideacha: mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm cheimiceacha agus airm bhitheolaíocha. Is airm iad sin a bhfuil toirmeasc orthu ag tromlach na mBallstát nó leis an dlí idirnáisiúnta atá ina cheangal go díreach ar an Aontas agus a meastar drochthionchar príomha a bheith acu.
- (35) Ní chumhdaítear airm núicléacha leis an sainmhíniú ar airm chonspóideacha a liostaítear in RNAI. Go dtí seo, níor shínigh ach trí Bhallstát, Éire, Málta agus an Ostair, an Conradh um Thoirmeasc ar Airm Núicléacha. Ní hionann an conradh sin agus Conradh 1968 maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Is páirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach iad na Ballstáit uile. Foráiltear leis an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach go ngeallann gach páirtí gan airm núicléacha nó feistí pléascacha a aistriú go díreach nó go hindíreach chuig aon fhaighteoir. Tá an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach gan dochar do chláir núicléacha na Stát sin a raibh airm núicléacha ina seilbh acu tráth an tsínithe in 1968.
- (36) Tagraíonn an oibleagáid nochta sin do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta seo a leanas:
- Toirmisctear forbairt agus táirgeadh arm bitheolaíoch leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh agus Stoc-charnadh Arm Baictéareolaíoch (Bitheolaíoch) agus Tocsaine agus maidir lena nDíothú a glacadh i Londain an 10 Aibreán 1972, a shínigh agus a dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais⁴¹.

³⁹ Treoirilínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta maidir le hIompar Gnó Freagrach

⁴⁰ Iarscríbhinn 1 tábla 1 Rialachán Tarmilgthe 2022/1288 ón gCoimisiún

⁴¹ [Conarthaí DDI - Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Airm Bhitheolaíocha, 1972](#)

- Toirmisctear forbairt agus táirgeadh arm ceimiceach leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Fhorbairt, Táirgeadh, Stoc-charnadh agus Úsáid Arm Ceimiceach agus maidir lena nDíothú a glacadh i Páras an 13 Eanáir 1993⁴², a shínigh agus a dhaingnigh Ballstáit uile an Aontais.
- Toirmisctear táirgeadh mianach frithphearsanra leis an gCoinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú, a glacadh an 18 Meán Fómhair 1997, atá sínithe agus daingnithe ag tromlach mór na mBallstát ⁴³.
- Toirmisctear cnuasmhuinisin a tháirgeadh leis an gCoinbhinsiún maidir le Cnuasmhuinisin an 30 Bealtaine 2008⁴⁴, atá sínithe agus daingnithe ag , an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Lucsamburg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Ostair, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn.

3.2.2 Tacsanomaíocht AE

- (37) Uirlis trédhearcachta le haghaidh airgeadas príobháideach is ea Tacsanomaíocht AE lena mbunaítear aicmiú gníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de d'fhonn infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn.
- (38) Faoi Airteagal 3 den Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht, chun go measfar iad a bheith *'inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de'*, ní mór do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha na critéir seo a leanas a chomhlíonadh: *'rannchuidiú go substaintiúil'* le ceann de na sé chuspóirí comhshaoil agus *'gan dochar a dhéanamh'* d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile. Ní mór iad a dhéanamh i gcomhréir leis na coimircí íosta a leagtar amach in Airteagal 18 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht; agus critéir scagtha theicniúla a chomhlíonadh.
- (39) Is é is aidhm do na coimircí íosta dá dtagraítear in Airteagal 18 de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht a áirithiú go gcomhlíonann eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith *'ailínithe le Tacsanomaíocht'* íoschaighdeán shóisialta agus rialachais áirithe. Faoi Airteagal 18(1), maidir le gnóthais a bhfuil a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha le meas a bheith ailínithe leis an Tacsanomaíocht, ní mór dóibh nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus réiteach a bheith curtha chun feidhme acu chun an t-ailíniú a áirithiú leis na caighdeáin maidir le hiompar gnó freagrach a luaitear i dTreoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus sna Prionsabail Threoracha ó na Náisiúin Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine.
- (40) Molann an Coimisiún d'oibreoirí ceanglais agus bearta díchill chuí a cuireadh i bhfeidhm a chur san áireamh chun an reachtaíocht maidir le rialú onnmhairí náisiúnta a shonraítear i roinn 3.1 a chomhlíonadh mar reachtaíocht a rannchuidíonn le Prionsabal Treorach 13

⁴² [Conarthaí DDI - an Coinbhinsiún lena dtoirmeasctar Airm Cheimiceacha, 1993 \(icrc.org\)](#)

⁴³ [Conarthaí DDI - Coinbhinsiún maidir le Toirmeasc ar Úsáid, Stoc-Charnadh, Táirgeadh agus Aistriú Mianach Frithphearsanra agus maidir lena nDíothú, 1997 \(icrc.org\)](#) Tugann an Coimisiún dá aire gur fhógair an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin an Pholainn, agus an Fhionlainn, le déanaí go bhfuil sé beartaithe acu tarraingt siar as an gconradh sin.

⁴⁴ [Conarthaí DDI - Coinbhinsiún maidir le Cnuasmhuinisin, 2008 \(icrc.org\)](#)

a chomhlíonadh, prionsabail 3 agus 6 de Chaibidil IV de Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, agus dá réir sin i dtreo na gcoimircí íosta faoi Airteagal 18(1) de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht.

- (41) Déantar tagairt dhíreach in Airteagal 18(2) de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht do tháscairí drochthionchair phríomha RNAI a bhaineann le tosca inbhuanaitheachta⁴⁵. Dá bhrí sin, áiríteoidh gnóthais a nósanna imeachta maidir le dícheall cuí agus réiteach go mbeifear in ann aon nochtadh iarbhír nó fhéideartha ar mhonarú nó ar dhíol arm conspóideach a shainaithint, a chosc, a mhaolú nó a leigheas, mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe RNAI⁴⁶ (féach 3.2.1.2).

3.2.2.1 Ailíniú Tacsanomaíochta an Aontais a éileamh i ngnóthais a bhaineann le cosaint

- (42) Meabhraíonn an Coimisiún gur féidir leis na gnóthais a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint, amhail aon earnáil eile, ailíniú leis an Tacsanomaíocht a éileamh le haghaidh infheistíochtaí cothrománacha incháilithe a shonraítear sna Gníomhartha Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht. Áirítear orthu sin, mar shampla, infheistíochtaí i nglasú a bhfoirgneamh agus a mbonneagair, nó infheistíocht in iompar glan i bhfoirm caiteachas caipitiúil agus/nó i bhfoirm caiteachas oibriúcháin dá dtagraítear i bpointe (c) de Ranna 1.1.2.2. agus 1.1.3.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh Tarmligthe maidir le Nochtadh. Féadann siad ailíniú a éileamh freisin le haghaidh aon ghníomhaíocht eile a shainaithnítear sa Gníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht (mar shampla, gníomhaíochtaí i réimse an iompair, réitigh sonraí, monaraíocht, etc.).
- (43) Ar an gcuma chéanna, ós rud é nár áiríodh gníomhaíochtaí sonracha an tionscail cosanta i dTacsanomaíocht AE go dtí seo, ní dhéantar réamhbhreith ar fheidhmíocht chomhshaoil an tionscail cosanta⁴⁷.
- (44) Cé go leagtar síos i nGníomhartha Tarmligthe an Aontais maidir le Tacsanomaíocht Aeráide agus Comhshaoil critéir scagtha theicniúla shonracha nach mór do chuideachtaí a chomhlíonadh más mian leo a nochtadh go bhfuil a ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ailínithe le tacsanomaíocht, cuireann píosáí eile de chreat airgeadais inbhuanaithe an Aontais bealaí éagsúla ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe inbhuanaitheachta gníomhaíochtaí agus oibreoirí eacnamaíocha.
- (45) Is é is aidhm do phacáiste simplithe ‘Omnibus’⁴⁸ mhí Feabhra 2025 an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí a thuairiscíonn ar a n-ailíniú leis an Tacsanomaíocht a laghdú go suntasach. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an nGníomh Tarmligthe maidir le Tacsanomaíocht freisin, mar chuid de ghealltanas an Choimisiúin maidir le simpliú.

3.2.3 MiFID II

- (46) Leis na ceanglais faoi MiFID II ar ghnólachtaí infheistíochta sainroghanna inbhuanaitheachta cliant a chur san áireamh agus sainroghanna inbhuanaitheachta á

⁴⁵ [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023XC0616\(01\)](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=CELEX:52023XC0616(01))

⁴⁶ Fógra ón gCoimisiún maidir le léirmhíniú agus cur chun feidhme forálacha dlíthiúla áirithe de Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus naisc leis an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadais Inbhuanaithe [Oifig na bhFoilseachán \(europa.eu\)](#)

⁴⁷ Féach pointe 12 IO C, C/2023/267, 20.10.2023

⁴⁸ [2025/0045 \(COD\)](#)

gcinneadh acu, déantar tagairt dhíreach do RNAI agus do Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht. Mar thoradh air sin, ní mór cliaint deiridh a bhfuil sainroghanna inbhuanaitheachta acu faoi MiFID II a mholadh maidir le táirgí a infheistítear (nó a sholáthraíonn neamhchosaint orthu), go pointe áirithe ar a laghad, i ngníomhaíochtaí atá ailínithe leis an Tacsanomaíocht, nó in infheistíochtaí inbhuanaithe, i gcomhréir le hAirteagal 2(17) de RNAI, nó a chuireann DTPanna san áireamh.

- (47) Mar gheall ar an tagairt dhíreach do ‘infheistíochtaí inbhuanaithe’ mar a shainmhínítear in RNAI agus do ‘infheistíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de’ mar a shainmhínítear sa Tacsanomaíocht, tugtar le tuiscint le MiFID II go mbreithníonn oibreoirí prionsabal na gcoimircí íosta faoi Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht agus an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ faoi RNAI agus measúnú á dhéanamh acu ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an táirge a dháileann siad sainroghanna inbhuanaitheachta. Áirítear sa dara ceann nochtadh do tháscaire DTP maidir le hairm chonspóideacha mar a leagtar amach in RNAI (féach 3.2.1.2).
- (48) A mhéid a bhaineann le breithniú DTPanna faoi MiFID II, ní fhorordaítear le haon fhoráil oibreoirí chun a mheas go bhfuil drochthionchair ag na hinfeistíochtaí san earnáil cosanta ar an gcúis amháin go bhfuil siad infheistithe san earnáil sin, agus níor cheart, dá bhrí sin, iad a thairiscint d’aon chliant ag a bhfuil sainroghanna inbhuanaitheachta.

3.2.4 TDCCI

- (49) Le TDCCI, a tháinig i bhfeidhm an 25 Iúil 2024, ceanglaítear ar chuideachtaí móra a bhfuil a gceanncheathrú acu, nó a dhéanann ioncam suntasach san Aontas, drochthionchair a ngníomhaíochtaí laistigh den Aontas agus ar fud a slabhraí luacha domhanda a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
- (50) Tá cuideachtaí cosanta a thagann faoin raon feidhme faoi réir TDCCI, amhail aon chuideachta eile. Ní mór dóibh dícheall cuí inbhuanaitheachta a dhéanamh i ndáil lena n-oibríochtaí féin, oibríochtaí a bhfochuideachtaí agus gníomhaíochtaí a gcomhpháirtithe gnó a bhaineann le táirgeadh tháirgí na cuideachta nó le soláthar a seirbhísí (réamhtheachtach) nó le dáileadh, iompar agus stóráil tháirgí na cuideachta (iartheachtach). De bhun Airteagal 3 de TDCCI, ní bhaineann oibleagáidí díchill chuí faoin Treoir seo le gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó iartheachtacha cuideachtaí a bhaineann le táirgí míleata agus dé-úsáide i gcás ina bhfuil a n-onnmhairiú údaráithe ag údaráis na mBallstát: ‘ciallaíonn ‘slabhra gníomhaíochtaí’: gníomhaíochtaí comhpháirtithe gnó iartheachtacha cuideachta a bhaineann le dáileadh, iompar agus stóráil tháirge na cuideachta sin, i gcás ina ndéanann na comhpháirtithe gnó na gníomhaíochtaí sin don chuideachta nó thar ceann na cuideachta, seachas dáileadh, iompar agus stóráil tháirge atá faoi réir na rialuithe onnmhairiúcháin faoi Rialachán (AE) 2021/821 nó na rialuithe onnmhairiúcháin a bhaineann le hairm, muinisin nó ábhair chogaidh, a luaithe a bheidh onnmhairiú an táirge údaráithe’⁴⁹.
- (51) Is é is aidhm do thograí ‘Omnibus’ mhí Feabhra 2025 le haghaidh treoracha an t-ualach rialála ar chuideachtaí a laghdú⁵⁰, lena n-áirítear trína n-oibleagáidí a shimpliú do na

⁴⁹ IO L, 2024/1760, 5.7.2024, Airteagal 3 (g) (ii); https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401760

⁵⁰ [2025/0045 \(COD\)](#)

cuideachtaí laistigh den raon feidhme chun drochthionchair iarbhír nó fhéideartha a thagann chun cinn ar leibhéal a gcomhpháirtithe gnó indíreacha a shainaithint. A luaithe a shainaithneofar drochthionchar, áfach, beidh ar chuideachtaí cosc a chur air tarlú nó deireadh a chur leis, tar éis plean gníomhaíochta coisc nó ceartaitheach i gcás inar gá.⁵¹

- (52) Mar chéad chéim cur chun feidhme den phacáiste Omnibus seo, tháinig leasú ar TDCCI i bhfeidhm an 17 Aibreán, lenar cuireadh siar an spriocdháta trasuí agus an chéad dáta cur i bhfeidhm aon bhliain amháin: go dtí Iúil 2027 agus Iúil 2028, faoi seach⁵².

3.2.5 TTCI

- (53) Le TTCI, tugtar isteach caighdeáin éigeantacha tuairiscithe inbhuanaitheachta de chuid an Aontais, ar a dtugtar CETI (Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin nochtaí faisnéise ó thaobh na hinbhuanaitheachta de agus ní chuireann siad srian ar infheistíochtaí in aon earnáil. Tá dhá phríomhfhóráil ón gcéad sraith de chaighdeáin thrasearnálacha, atá i bhfeidhm faoi láthair, ábhartha go háirithe don tionscal cosanta:
- Ceanglais Ghinearálta (CETI 1, mír 105): Leis an gcaighdeán sin, is féidir le cuideachtaí nochtheadh faisnéise rúnaicmithe nó íogaire a choinneáil siar, fiú má mheastar í a bheith ábhartha. Soiléiríonn an Coimisiún gur dóchúlá ná earnálacha eile go n-úsáidfídh an tionscal cosanta an fhóráil lena gceadaítear faisnéis íogair nó rúnaicmithe a fhágáil ar lár. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu an fhóráil sin a chur i bhfeidhm i gcás méideanna soláthair amhábhár nó faisnéis airgeadais áirithe a bhaineann le hinbhuanaitheacht. Ba cheart tionchar a bheith ag an bhfóras sin ar an gcaoi a dtéann soláthraithe dearbhaithe i dteagmháil le cuideachtaí an tionscail cosanta maidir le húsáid na fórála sin.
 - Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh (CETI S4): Soiléirítear leis an gcaighdeán sin go bhfuil aon úsáid neamhdhleathach nó aon mhí-úsáid a bhaineann tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh as táirgí nó seirbhísí cuideachta lasmuigh de raon feidhme an chaighdeáin sin.
- (54) Togra 'Omnibus' mhí Feabhra 2025 le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar TTCI agus ar TDCCI⁵³, agus raon feidhme na gcuideachtaí a bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais tuairiscithe faoi TTCI á laghdú go suntasach, ní bheidh tionchar aige sin ar na fórála atá ann cheana a leagtar amach thuas.
- (55) Mhol an Coimisiún freisin moill 2 bhliain a chur ar chur i bhfeidhm TTCI i gcás an dara agus an tríú babhta de chuideachtaí a chumhdaítear leis an reachtaíocht. Chomhaontaigh na comhreachtóirí an moladh sin agus tháinig sé i bhfeidhm an 17 Aibreán 2025.⁵⁴ Ní mór do na Ballstáit é a thrasuí faoin 31 Nollaig 2025.

⁵¹ [SWD\(2025\) 80](#) lch. 18

⁵² [Treoir \(AE\) 2025/794](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm

⁵³ [2025/0045 \(COD\)](#)

⁵⁴ [2025/0044 \(COD\)](#)

3.2.6 An Rialachán Tagarmhairc

- (56) Is é is aidhm don Rialachán Tagarmhairc trédhearcacht, iontaofacht agus bonn cirt na dtagarmharcanna a úsáidtear i margaí airgeadais an Aontais a áirithiú. Is éard is tagarmharc ann pointe tagartha a úsáidtear chun feidhmíocht nó luach infheistíochta, cuideachta nó margaidh a thomhas. Bunaíodh ‘Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide’ agus ‘Tagarmharcanna atá ailínithe le Comhaontú Pháras’ leis an Rialachán Tagarmhairc agus tugadh isteach nochtáí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de le haghaidh tagarmharcanna.
- (57) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún⁵⁵, forlíontar an Rialachán Tagarmhairc trí cheanglais shonracha a sholáthar maidir le tagarmharcanna lipéadaithe a bhaineann leis an aeráid. Is é is aidhm don rialachán forbairt tagarmharcanna ardcháilíochta a bhaineann leis an aeráid a chur chun cinn agus leagtar rialacha maidir le heisiaimh síos leis.
- (58) Shoiléirigh an Coimisiún i rialachán leasaitheach tiomnaithe sa phacáiste Omnibus um chosaint chéanna, C(2025) 3801, nach gá ach cuideachtaí a bhfuil baint acu le hairm thoirmiscthe a mheas chun na heisiaimh faoi Airteagal 12(1)(a) den Rialachán Tarmligthe sin a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, ciallóidh airm thoirmiscthe ‘mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm bhitheolaíochta agus cheimiceacha, a bhfuil toirmeasc ar a n-úsáid, a sealbhú, a bhforbairt, a n-aistriú, a monarú, agus a stoc-charnadh de réir na gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le hairm a bhfuil tromlach na mBallstát ina bpáirtithe iontu, mar a liostaítear san Iarscríbhinn’.

4 Tairseacha ioncaim

- (59) Ní fhorordaítear le creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais aon eisiaimh maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint a mhaoiniú bunaithe ar chéatadán de láimhdeachas cuideachta ar leith i ngníomhaíochtaí míleata/cosanta, ná ar chéatadán de phunann an chiste ó infheistíocht i ngníomhaíochtaí cosanta/míleata. Meabhraíonn an Coimisiún go bhfuil creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais neodrach maidir leis an earnáil cosanta agus ní dhíríonn sé ach ar ‘airm chonspóideacha’ mar a leagtar amach in RNAI agus mar a mhínítear thuas.
- (60) Ní bheadh eisiaimh ghinearálaithe na hearnála cosanta bunaithe ar láimhdeachas comhsheasmhach le loighic cás ar chás chun rioscaí a bhaineann le breithnithe inbhuanaitheachta a mhaolú. Meastar freisin go bhfuil sé ar neamhréir le riachtanais agus tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, ós rud é go ngearrfaí pionós ar FBManna go háirithe dá n-úsáidfí tairseacha ioncaim chun an earnáil cosanta a eisiaimh, ar FBManna iad nach féidir leo, mar gheall ar éilimh speisialtóireachta agus srianta méide, a ngníomhaíochtaí a éagsúlú go margaí sibhialta go minic⁵⁶.
- (61) Molann an Coimisiún d’oibreoirí - lena n-áirítear údaráis mhaoirseachta agus soláthraithe lipéid ESG (amhail éicilipéid náisiúnta) - a mbeartaís eisiaimh a dhearadh i gcomhréir

⁵⁵ [IO L 406, 3.12.2020, lgh. 17–25](#)

⁵⁶ [Torthaí an staidéir: Rochtain ar mhaoiniú cothromais do FBManna cosanta Eorpacha - An Coimisiún Eorpach \(europa.eu\)](#)

leis an gcur chuige cás ar chás agus le liosta na n-arm conspóideach mar a mhínítear thuas.

5 Measúnú a dhéanamh ar rannchuidiú na hearnála cosanta leis an inbhuanaitheacht shóisialta

- (62) Cuireann creat airgeadais inbhuanaithe an Aontais ar chumas rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais infheistíochtaí i gníomhaíochtaí eacnamaíocha a nochtadh ar bhonn a rannchuidithe le spriocanna sochaíocha nó comhshaoil níos leithne.
- (63) I Roinn 3 den Straitéis Thionsclaíoch um an gCosaint Eorpach, aithníonn an Coimisiún an tionscal cosanta mar rannchuidiú ríthábhachtach le hathléimneacht agus slándáil an Aontais agus, dá bhrí sin, leis an tsíocháin agus leis an inbhuanaitheacht shóisialta.
- (64) Sainmhínítear le RNAI an méid a thuigtear le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí comhshaoil nó sóisialta in Airteagal 2(17). Ní áirítear leis an sainmhíniú sin liosta iata earnálacha/gníomhaíochtaí eacnamaíocha. I gcomhréir le roinn 3 den Fhógra seo, féadfaidh rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais teacht ar an gconclúid, bunaithe ar mheasúnú cúramach cás ar chás, go rannchuidíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna ndéanamh ag tionscal cosanta an Aontais chun an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint, ar choinníoll nach ndéanann siad dochar suntasach d'aon chuspóir inbhuanaitheachta eile agus go leanann an chuideachta a dhéanann an ghníomhaíocht dea-chleachtais rialachais, go rannchuidíonn siad le cuspóirí sóisialta. Dála aon chineál eile gníomhaíochtaí, níl aon toimhde tosaigh ann, áfach, go rannchuideodh gníomhaíochtaí cosanta le cuspóir sóisialta.
- (65) I bhfianaise an mhéid sin, molann an Coimisiún d'oibreacha gan caitheamh leis an gcosaint mar earnáil neamh-rannchuiditheach *de facto* ina measúnú ar earnálacha a rannchuidíonn go dearfach leis an inbhuanaitheacht shóisialta. Ba cheart feidhm a bheith ag an bprionsabal céanna maidir le hoibreacha a dhéanann measúnú ar na sainroghanna inbhuanaitheachta agus a shainíonn spriocmhargaí faoi MiFID.